

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015



IRISH PRISON SERVICE | AG CRUTHÚ TIMPEALLACHT NÍOS FEARR

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Chuig: An Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais An tUasal Frances Fitzgerald, T.D.



A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann don bhliain 2015 a chur faoi do bhráid. Is amhlaidh gur cuireadh Plean Straitéiseach 3 Bliana Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2012-2015 i mbliana. Tá dul chun cinn suntasach bainte amach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann i rith an Straitéis uailmhianach seo a bheith ar siúl agus tá an tuarascáil ar dhul chun cinn an phlean straitéisigh ina cuid den tuarascáil seo. Ba mhian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i Seirbhís Príosúin na hÉireann as ucht a dtiomantais agus a ngairmiúlachta leanúnaí.

Líonta na bPríosúnach

Rinneadh 17,206 cimiú chun príosúin in 2015, ar méadú 6.5% é seo i gcomparáid le líon iomlán 16,155 i rith na bliana roimhe sin.

Ba é 3,722 príosúnach an meánlíon foriomlán laethúil príosúnach a bhí faoi choimeád in 2015, i gcomparáid le 3,915 in 2014. Ba é an meánlíon ciontóirí bainearna faoi choimeád 131, ar laghdú 12.7% é seo i gcomparáid le meánlíon 150 na bliana 2014. Rinneadh 16,155 cimiú chun príosúin faoi phianbhreith in 2015, ar méadú 8.8% (1,134) é seo i gcomparáid le líon iomlán na bpríosúnach a cimíodh chun príosúin in 2014 (12,853).

Ach nuair a fhágtar cimithe fíneála ar lár ó na figiúirí seo, tháinig laghdú ar líon na ndaoine arna gcimiú faoi phianbhreith le 230 nó 6% ó 3,874 in 2014 go 4,104 in 2015.

An Clár um Fhilleadh ar an bPobal agus an Scéim Tacaíochta Pobail

I mí na Nollag 2015, bronnadh Gradam na Státseirbhíse as Barr Feabhais agus Nuálaíocht ar Chlár um Fhilleadh ar an bPobal de chuid Sheirbhís Promhaidh na hÉireann agus Sheirbhís Príosúin na hÉireann. Déanaim comhghairdeas le foireann an Chláir um Fhilleadh ar an bPobal a bhfuil an tionscnamh seo á chur i bhfeidhm ó 2012. Tá obair mhór á déanamh ag foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar son ár bpobal agus tá ról tábhachtach acu chun sochaí níos sábháilte a bhaint amach agus tá áthas orm go bhfuil aitheantas faighte ag an obair sin ó leibhéal is airde an Rialtais.

Bhí 712 duine páirteach sa Scéim um Fhilleadh ar an bPobal agus sa Scéim Tacaíochta Pobail i 2015.

Costas de réir Áit Phríosúin a bhí ar Fáil agus a raibh Foireann ann

Ba é €68,628 an meánchostas a bhí ar spás príosúin a bhí ar fáil agus a raibh foireann ann i mbliain féilire 2015, ar laghdú é seo ar chostas 2014 €68,959.

Cigire na bPríosún

Le linn 2015 choimisiúnaigh Cigire na bPríosún an tuarascáil “Culture and Organisation in the Irish Prison Service, A Road Map For the Future”. Dhírigh an tuarascáil ar cheisteanna cultúrtha agus sa chomhthéacs sin thug sí faoi scrúdú ar an ngaol idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; ar struchtúir agus caidrimh reatha taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann; ar ról agus freagrachtaí atá orthu siúd atá ag obair sa tSeirbhís; agus rinne sí scrúdú ar sholáthar reatha seirbhíse agus ar chuspóir agus fíis shonraithe. Rinneadh athbhreithniú freisin sa tuarastail ar fhorbairt leanúnach foirne príosúin ar gach leibhéal.

Cé go bhfuil béim curtha sa Tuarascáil ar dhúshláin áirithe, admhaítear inti mórán deaghnéithe den tSeirbhís, lena n-áirítear tiomantas na mball foirne. Leis an Tuarascáil cuirtear go mór leis an eagraíocht agus beidh sí ina cuidiú againn agus ár gcuid oibre á treorú againn as seo amach.

Sochraid Thomáis Ceannt

In 2015 rinneadh Tomás Ceannt a dhí-adhlacadh ó thaobh istigh d'fhearann phríosún Chorcaí agus é a athadhlacadh ansin in uaigh a theaghlach i sochraid iomlán stáit. Tógadh na hiarsmaí go foirmeálta d'fhearann Phríosún Chorcaí Dé hAoine 18 Meán Fómhair 2015. Bhí Garda Onóra ina raibh beagnach 60 ball foirne ó Phríosúin Chorcaí agus Luimnigh ina sheasamh ar dhá thaobh an bhealaigh go dtí taobh na huaighe agus ó thaobh na huaighe. Lá bróid ba ea é don tSeirbhís Phríosúin ar ócáid a bhí ríthábhachtach do theaghlach Thomáis Ceannt.

Nuachóiriú Eastát na bPríosún

Cuireadh tús le príosún nua a thógáil i gCorcaigh in Eanáir 2014, agus tá an príosún le hoscailt i mí Feabhra 2016. Cuireadh nósanna imeachta pleanála i Luimneach chun cinn maidir le bloc103 cillín agus aonad nua 50 cillín do phríosúnaigh bhaineanna agus ocht idiraonad a thógáil. Nuair a cuirfear i gcíche í go déanach i 2019, beidh an fhorbairt nua ar an gcéad áis lánchomhtháite in Earnáil Cheartais an Stáit lena gcuimseofar Seirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin agus Seirbhís Phromhaidh. Cuireadh tús le pleananna maidir le cás gnó a ullmhú le haghaidh aonaid nua slándála uasta i bpríosún Phort Laoise le cur in áit an bhloc "E" atá ann faoi láthair agus a bhfuil príosúnaigh slándála uasta ann anois. In éineacht leis an bhforbairt i Luimneach, is é a bheidh mar thoradh ar an bhforbairt nua seo ná cleachtas "na fualáin a fholmhú" a chur ar cheal sa deireadh thiar thall ar fud eastát na bPríosún ar fad.

Acht na bPríosún

Foilsíodh Acht na bPríosún 2015 i mí na Nollag 2015 chun dúnadh iomlán Foras Naomh Pádraig a éascú. Leis an Acht sin, nuair a bheidh sé i bhfeidhm go hiomlán, déanfar na forálacha reachtúla a aisghairm lena gcuirtear ar chumas cúirteanna a ordú go gcoinnítear ciontóirí faoi bhun 21 bliain in Institiúid Naomh Pádraig agus chomh maith leis sin scriosfar tagairtí d'Fhoras Naomh Pádraig amach ó leabhar na reachtaíochta.



Michael Donnellan

Ard-Stiúrthóir

Ár Misean

Coimeád sábháilte, dínit cúraim agus athinmheachán a, sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le pobail níos sábháilte.

Ár bhFís

Pobal níos sábháilte trí bharr feabhais i seirbhís príosún bunaithe ar mheas do dhínit an duine.

Ár Luachanna

- **OBAIR FOIRNE** - Is mó a bhainimid amach ach bheidh ag obair le chéile ná is féidir linn a bhaint amach agus muid ag obair inár ndaoine aonair
- **MACÁNTACHT** - Caithfidh sé a bheith de mhisneach againn an rud ceart a dhéanamh ... fiú nuair nach mbíonn duine ar bith eile ag breathnú orainn
- **CUMAS** - Bíonn an cumas i ngach duine le bheith ina dhuine níos fearr agus tá iarracht ghníomhach á déanamh againn chun deiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne agus do na duine atá faoi choimeád le gur féidir leo lán an chumais seo a bhaint amach.
- **SÁBHÁILTEACHT** - cuirimid go ghníomhach le timpeallacht a choinneáil in ar féidir le baill foirne agus le daoine atá faoi choimeád againn a mhothú go bhfuil siad slán sábháilte ó thaobh coirp agus ó thaobh na mothúchán de agus sa deireadh thiar thall, gur féidir leo cuir le sábháilteacht an phobail.
- **TACAÍOCHT** - Tá iarracht ghníomhach á déanamh againn chun tacú le hathshlánú na ndaoine atá faoi choimeád agus chun baill foirne a chur ar fáil chuige sin.

An Eagraíocht

Dílsítear freagracht pholaitiúil as an gcóras príosúin in Éirinn don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Feidhmíonn Seirbhís Príosún na hÉireann mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá sí faoi stiúir Ard-Stiúrthóra, agus tacaíonn 5 stiúrthóir léi.

Déileálann Seirbhís Príosún na hÉireann le ciontóirí fireanna atá 17 mbliana d'aois nó os a chionn agus le ciontóirí baineanna atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

Riartar Seirbhís Príosún na hÉireann go lárnach, agus tá ceanncheathrú na Seirbhíse i mbaile Longfoirt.



Fíor 1. Córas Ceartais Choiriúil na hÉireann

Buiséad

Ba é € 332.182 milliún an buiséad bliantúil do Sheirbhís Príosún na hÉireann in 2015.

Foireann

Ag deireadh 2015, bhí 3,380 ball foirne i Seirbhís Príosún na hÉireann, lena n-áirítear gráid shibhialtacha agus foireann na ceanncheathrún.

Creatlach Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís Príosún faoi chreatlach reachtúil ina gcuimsítear:

- Achtanna na bPríosún, lena n-áirítear Acht na bPríosún, 2007;
- forálacha iomchuí i reachtanna eile ar nós Acht na bPríosún (Coistí Cuairte), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997;
- Rialacha na bPríosún, 2007, lena n-áirítear an tAcht um Rialacha na bPríosún (Leasú), 2014; agus
- An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003.

Maidir le daoine a choinnítear ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce, is iad na príomhfhórlacha reachtaíochta na hAchtanna Inimirce, 1999, 2003 agus 2004, na rialúcháin a bhaineann leo, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, agus Acht na nDídeanaithe, 1996.

Anuas air sin, tugann an tSeirbhís Príosún an aird chuí ar chonarthaí, dearbhuithe, caighdeáin agus moltaí éagsúla idirnáisiúnta cearta daonna, lena n-áirítear:

- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;
- Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe um Chóir a Chuirtear ar Phríosúnaigh;
- Na Rialacha Eorpacha Príosún, 2006;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla; agus
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc.

Tugann an tSeirbhís Príosún an aird chuí, chomh maith, ar Thuarascálacha Chigire na bPríosún, agus féachann sí le moltaí an Chigire a fheidhmiú.

Cur i bhFeidhm Chlár an Rialtais

Mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tacaíonn Seirbhís Príosún na hÉireann leis an Roinn chun na forálacha iomchuí de chuid Chlár an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta, 2011-2016 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gealltanais chun an méid a leanas a dhéanamh:

- sábháilteacht a fheabhsú inár bpobail;
- riachtanais an phobail agus riachtanais íospartaigh siúd na coireachta agus cearta na ndaoine a gcuirfear coir ina leith a chothromú;
- seirbhísí a sholáthar ar shlí inmharthana ar bhonn eacnamaíoch/laistigh den bhuiséad;
- comhoibriú traseagraíochta agus comhroinnt spriocanna idir gach eagraíocht dlí agus cirt agus comhionannais le Ranna agus gníomhaireachtaí eile a chur chun cinn;
- cur le comhoibriú éifeachtach tras-fheidhme agus comhghníomhaireachta, cuir i gcás, maidir le beartas sóisialta, leanaí, mí-úsáid substaintí agus saincheisteanna eile tras-Rialtais;
- cur le tionscnamh athchóirithe an Rialtais, "Oscailteacht Rialtais";
- cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe eagraíochtúil, bainistíocht eolais agus soláthar seirbhíse;
- leanúint den dlí coiriúil agus den dlí sibhialta a nuashonrú.

Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Is é ról an Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ná coimeád slán, sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd ar fad arna gcimiú ag na cúirteanna. Cé go bhfuil sé de dhualgas orainn cur le sábháilteacht an phobail trí iad siúd arna gcimiú ag na cúirteanna a choinneáil go daingean, is gá níos mó ná feidhm choimeádta a bhaint lenár ról. Táimid tiomanta do a chinntiú gur le dínit agus le daonnacht a chaithfí leo siúd a bhfuil a saoirse bainte dóibh. Aidhm lárnach de chuid na Seirbhíse is ea cúram agus athshlánú a chur ar fáil do phríosúnaigh agus tá iarracht á déanamh againn chun cur chuige cothrom a bhaint amach maidir le hoibriú éifeachtach ár gcuid feidhmeanna cúraim agus coimeádta.

Mar eagraíocht fhreagrach de chuid an Stáit feidhmímid laistigh de na treoracha atá leagtha amach i ndlíthe na hÉireann, an Eorpa agus i ndlíthe idirnáisiúnta i leith Chearta an Duine. Cuirimid an comhionannas agus cearta an duine chun cinn ar fud ár gcuid beartas agus cleachtas. Cuid den mhórchuspóir atá againn le bheith inár n-eagraíocht spreagtha ag luachanna is ea cearta an duine a chur chun cinn ar an mbealach seo inár gcuid oibre laethúla.

Baineann sin ar an méid chéanna leis an idirghníomhú a bhíonn againn lenár mbaill foirne agus táimid tiomanta do thimpeallacht oibre níos fearr a chruthú ina gcuirfí chun cinn caidreamh gníomhach dearfach, cumarsáid oscailte, cothroime, comhionannas agus meas. Leis an gcur chuige atá againn leagtar béim ar luachanna lárnacha ár n-eagraíochta: Obair Foirne, an Mhacántacht, an Dearfach, an tSábháilteacht agus Tacaíocht. Is mór againn ár mbaill foirne agus tá muinín againn astu agus caithimid leo le meas. Ag an am céanna, táimid ag súil go n-iompródh ár mball foirne ar bhealach atá cothrom agus measúil i leith gach duine atá ag obair, ina chónaí nó ar chuairt inár gcuid institiúidí. Tacaímid leis an ilchineálacht foirne agus déanaimid na bearta is cuí in aghaidh aon leithcheala, bulaíochta agus ciaptha. Cinntímid go mbíonn ár gcomórtais earcaíochta agus ardú céime cóir, cothrom, agus oscailte. Déanaimid comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn.

Tacaímid lenár mball foirne chun dea-shláinte choirpe agus intinne a chothú trí chláir a chur ar fáil amhail scagthástáil sláinte agus cláir folláine.

Tá an coincheap gur chóir caitheamh go daonnachtúil le daoine agus bheith ar an eolas faoi ionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine ina dhlúthchuid de gach gné de na cláir oiliúna a chuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar fáil. Is gáfeasacht ar ionstraimí idirnáisiúnta, chomh maith le tuiscint ar an gcomhthéacs eitice inar gá príosúin a riar a bheith mar chuid den oiliúint siúd. Cuirtear béim ar mheas ar dhínit agus ar dhaonnacht gach duine a bhaineann le príosúin chun cur le gach scil theicniúil. Cuirtear béim i ngach clár oiliúna ar an ngá go gcaithfí le príosúnaigh le meas agus le daonnacht mar dhaoine aonair agus go ngníomhófaí de réir an dlí i gcónaí. Tá obair déanta againn agus á déanamh againn fós i gcomhar le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun oiliúint shaincheaptha maidir le cearta an duine a fhorbairt do bhaill foirne na bpríosún.

Bímid ar ár ndícheall i gcónaí lena chinntiú go cloíonn na dálaí, idir fhisicúla agus chórasacha, ina gcoinnítear gach príosúnach, le caighdeáin idirnáisiúnta lena n-áirítear na hionstraimí siúd atá leagtha amach ag na Náisiúin Aontaithe mar chaighdeán íosta. Más féidir sin, déanaimid ár ndícheall na caighdeáin sin a shárú agus bheith ar thús cadhnaíochta i gcleachtas pionósach ar fud

an domhain. I gcás go n-aithnítear easnaimh déanaimid cinnte de go ndéantar bearta cuí chun dul i ngleic leis na heasnaimh sin. Tá muid ag obair linn i gcónaí chun clár cuimsitheach oibreacha caipitil a chur i bhfeidhm lenár eastát príosúin a nuachóiriú agus le dálaí fisiciúla an eastáit a fheabhsú, lena n-áirítear deireadh a chur le "na fualáin a fholmhú". Táimid ag obair linn i gcónaí chun cur leis na mórán forbairtí dearfacha a rinneadh ina thaobh sin le blianta beaga anuas.

Tá a fhios againn gurb é an tsaoirse a bhaint de dhuine an breithiúnas a thugann na cúirteanna mar phionós le haghaidh cion a dhéanamh agus gurb é an ról atá againn ná an phianbhreith sin a riar ar bhealach nach bhfuil níos sriantaigh ná mar is gá. Cinntímid go ndéantar foráil le réimeanna príosúin do thréimhsí cuí ama a chaitheamh taobh amuigh den chillín agus go gcuirtear a dhóthain gníomhartha fiúntacha ar fáil le linn tréimhse nach gcaitear faoi ghlas. Nuair is gá srian a chur le réim phríosúnaigh cinntímid nach ndéantar sin ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá agus go ndéantar sin ar bhealach atá i gcomhréir le ceart an phríosúnaigh, más féidir sin, teacht ar sheirbhísí príosúin lena n-áirítear oideachais, oiliúint agus cúram sláinte.

Táimid tiomanta d'úsáid gaibhniú aonair a laghdú agus gan é a úsáid ach i gcúinsí go mbíonn gá géarchúiseach ann ar chúiseanna slándála, sábháilteachta nó ar chúiseanna eile a bhaineann le hord a choinneáil, agus fiú i gcúinsí den chineál sin gan gaibhniú aonair a úsáid ach ar feadh na tréimhse ama is gairide is féidir. Cinntímid i gcásanna den chineál sin go mbíonn plean aonair bainistíochta i bhfeidhm ag bainistíocht an phríosúin le haghaidh gach príosúnaigh agus go gcuirtear teacht ar sheirbhísí ar fáil an méid agus is féidir agus go ndéantar athbhreithniú go rialta ar mheabhairshláinte an phríosúnaigh.

Cinntímid go gcuirimid teacht ar fáil do phríosúnaigh ar sheirbhísí cúraim shláinte atá ar chomhchéim, ó thaobh caighdeáin agus réimse de, leis na seirbhísí atá ar fáil dóibh siúd atá i dteideal seirbhísí sa phobail faoin Scéim Ghinearálta Leighis (GMS). Tá cúram sláinte na Seirbhíse Príosúin tiomanta do chaitheamh le dínit le gach príosúnach agus glacann siad leis go, d'ainneoin na srianta atá ar fhéinriail phearsanta mar gheall ar an bpríosúnacht, gur cheart baint díreach a bheith acu lena gcúram sláinte féin. Bainfidh an rúndacht is cuí le cóir leighis agus le faisnéis seachas i gcásanna, de réir bharúil na foirne leighis, agus comhairle ó bhaill eile d'fhoireann an phríosúin, gur gá tionlacaí a bheith leis an bpríosúnach mar gheall ar chúrsaí slándála.

Bunluach de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann is ea iarracht a dhéanamh cuidiú le príosúnaigh, más féidir agus cuí é sin a dhéanamh, chun dea-chaidreamh a chothú agus a fhorbairt lena dteaghlaigh. Déantar gach iarracht lena chinntiú go gcuirtear príosúnaigh chomh gar lena n-áit chónaithe agus is féidir chun cúirteanna ó ghaolta agus ó chairde a éascú. Cinntímid go mbíonn na cúirteanna seo ar siúl i dtimpeallacht a éascaíonn an leibhéal is airde caidrimh idir an príosúnach agus an cuairteoir, agus go dtugtar an aird is cuí ar riachtanais páistí agus cúinsí á gcruthú le haghaidh cúirteanna chomh maith le cinnti á ndéanamh maidir le cúirteanna a dhiúltú. Cinntímid go bhfuil na baill foirne eolach ar an riachtanas chun caitheamh le dínit agus le meas le cuairteoirí chuig an bpríosún agus táimid tiomanta do chuaiirteanna chuig príosúin a fheabhsú agus do gach ceist chuí slándála a chur san áireamh.

Táimid eolach ar ról ar leith atá againn ar son an phobail agus tuigimid an ról sin maidir le meas a bheith againn ar na príosúnaigh faoinár gcúram. Agus ceannaireacht láidir á cur i bhfeidhm ag ár

bhfoirne bainistíochta, cinntímid go mbíonn gach ball foirne dár gcuid aireach ar an bhfreagracht sin. Aithnímid nach i gcónaí a bhaintear an caighdeán sin amach agus mar sin tá sé de cheart ag príosúnaigh gearáin/iarratais a dhéanamh do bhainistíocht na bpríosún agus do chomhlachtaí neamhspleácha. Tá a fhios againn go mbíonn príosúnaigh leochaileach mar gheall ar an staid ina mbíonn siad agus gur gá teacht a bheith acu ar chóras inchreidte neamhspleách gearáin a chaitheann le fíorghearáin ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus neamhspleách agus lena gcuirtear an cúiteamh is cuí ar fáil. Más in aghaidh duine lena n-áirítear baill foirne a bhíonn gearán príosúnaigh cinnteoidimid go gcuirfear an phríos chuí ar fáil go gach duine atá á fhiosrú agus cloífidimid le cearta gach duine.

Tá córas cothrom oscailte á chur i bhfeidhm againn maidir le haraíonacht phríosúin de réir na reachtaíochta atá leagtha amach i Rialacha Príosúin 2007 agus in Acht na bPríosún 2007. Cinntímid go ndéantar pionóis araíonachta a ghearradh i ngach príosún ar bhealach comhsheasmhach cothrom. Tá treoirlíne maidir le bainistiú príosúin curtha i bhfeidhm againn i ndáil leis sin. Cinntímid go mbíonn na pionóis a ghearrtar le haghaidh araíonacht phríosúin a shárú i gcomhréir leis an eachtra agus cinntímid nach ndéantar teagmháil le duine muinteartha a chur ar ceal mar mhodh pionóis i gcúinsí ar bith.

Tá sábháilteacht agus slándáil gach duine atá ag obair, ina chónaí nó ar cuairt in aon cheann dár gcuid institiúidí ríthábhachtach do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Mar sin, ar chúiseanna sábháilteachta, tá bearta slándála curtha i bhfeidhm againn inár príosún go léir. Cinntímid go ndéanann gach baill foirne cuardaigh taobh istigh dár bpríosún lena n-áirítear daoine nó maoín a chuardach, ar bhealach lena dtugtar aitheantas do dhínit bhunúsach an duine sin agus a chuid maoine.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann eolach ar an bhfreagracht atá uirthi chun cloí le cearta daonna gach duine atá ina chónaí, ag obair nó ar cuairt inár gcuid institiúidí. Táimid tiomanta do bheith ag obair leis na comhlachtaí éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le cigireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar phríosúin agus ar ionaid choinneála. Táimid ag súil go ndéanfaidh baill foirne agus bainisteoireachta taifid chruinne a choinneáil, slándáil gach fianaise ábhartha a chinntiú agus comhoibriú go hiomlán le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freagrachta. Tá an próiseas seo tábhachtach dúinn agus mar sin is bearta oibre ríthábhachtacha iad cigireachtaí.

Táimid bródúil as an obair atá déanta againn go dtí seo chun cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ach glacaimid leis freisin go bhfuil dúshlán agus fadhbanna ann nach mór dúinn dul i ngleic leo. Táimid tiomanta d'fheabhsú leanúnach a chur i bhfeidhm maidir le cearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn agus leanfaimid ar aghaidh linn ag obair lenár Seirbhís a fheabhsú.


Eastát na bPríosún

Príosúin na hÉireann

Tá 14 Institiúid ann i gcóras príosúin na hÉireann ina bhfuil 11 institiúid thraidisiúnta "dhúnta", dhá ionad oscailte, a oibríonn de réir na slándála íosta inmheánaí agus imill, agus áis amháin "leathoscailte ag a bhfuil slándáil thraidisiúnta imill ach slándáil íosta inmheánach (an tAonad Oiliúna).

Tugtar cóiríocht d'fhormhór na bpríosúnach baineann sa Lárionad le Dóchas, agus tugtar cóiríocht don chuid eile i bPríosún Luimnigh.

Tugadh rialachas campasbhunaithe isteach i dtrí láthair - Campas Iarthar Bhaile Átha Cliath (Príosúin Pháirc na Cruithneachta agus Chnoc na Seamar), Campas Phort Laoise (Príosúin Phort Laoise agus an Láir Tíre) agus Campas Mhuinseo (Príosún Mhuinseo, Foras Naomh Pádraig, Lárionad Dóchais agus an tAonad Oiliúna).



Fíor 2. Eastát Sheirbhís Príosún na hÉireann

Campas Bhaile Átha Cliath Thiar



Gobharnór Campais:
Colm Barclay

Príosún na Cruithneachta

*Bóthar Cnoc na Seamar,
Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22.*

Gobharnór III:
Patrick Kavanagh



Cáil Oibríochtúil: 550 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é Príosún na Cruithneachta d'fhir de 17 mbliain d'aois nó níos mó.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 472.



Gobharnór II:
John Farrell

Cáil Oibríochtúil: 431 ag deireadh na bliana.

Is príosún meán-slándála é Príosún Cnoc na Seamar d'fhir de 18 mbliain d'aois agus níos mó a riarann don chuid is mó do phríosúnaigh cimithe ó limistéar Laighean.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 359.

Príosún Cnoc na Seamar

*Bóthar Cnoc na Seamar,
Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22.*

Gobharnór III:
Ronan Maher



Campas Príosúin Port Laoise



Gobharnór Campais:
Martin Mullen

Príosún Port Laoise

*Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Port Laoise,
Co. Laois*

Gobharnór III:
Daniel Robbins



Cáil Oibríochtúil: 291 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, ard slándála é Príosún Port Laoise d'fhir de 18 mbliain d'aois nó níos mó. Tá sé an príosún cimithe dóibh siúd a sheoladh chun choimeád ón gCúirt Choiriúil Speisialta agus chuimsigh príosúnaigh a fhreastaltar dóibh anseo iad atá ceangailte le coireacht treascrach.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 218.



Gobharnór II:
Ethel Gavin

Cáil Oibríochtúil: 870 ag deireadh na bliana.

Is príosún meán-slándála é Príosún Lártíre d'fhir de 18 mbliain d'aois agus níos mó. Tá sé an príosún cimithe do chondaetha Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Uibh Fháilí agus an Iarmhí.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 805.

Príosún Lártíre

*Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Port Laoise,
Co. Laois*

Gobharnór III:
Ultan Moran



Campas Príosúin Muinseo



Gobharnór Campais:
Brian Murphy



Gobharnór II:
Michael Lawton

Príosún Muinseo,

*An Cuarbhóthair Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7*

Cáil Oibríochtúil: 554 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é Príosún Muinseo d'fhir de 18 mbliain d'aois nó níos mó. Tá sé an príomhphríosún cimithe do Chathair Bhaile Átha Cliath.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 537.

an t-Aonad Oiliúna

*Paráid an Ghleanna Ghairbh,
An Cuarbhóthair Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7*

Cáil Oibríochtúil: 96 ag deireadh na bliana.

Is príosún íseal-slándála leath-oscailte d'fhir de 18 mbliain d'aois nó níos mó, le béim láidir ar Obair agus Oiliúint.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 92.



Gobharnór III:
Greg Garland

Institiúid Naomh Pádraig

*An Cuarbhóthair Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7*

Gobharnór III:
John Kavanagh

Cáil Oibríochtúil: 34 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála í Institiúid Naomh Pádraig d'fhir de 17 go 20 bliain d'aois agus riarann sé do phríosúnaigh athchuir agus faoi phianbhreith.

Ó 17 Nollaig 2013 riartar do phríosúnaigh ar fad de 18-20 bliain agus príosúnaigh faoi phianbhreith de 17 mbliain d'aois i bPríosún Páirc na Cruithneachta

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 3.



an t-Aonad Dóchas

*An Cuarbhóthair Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7*

Gobharnór III: :
Mary O'Connor

Cáil Oibríochtúil: 105 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é an t-Aonad Dóchas do mhná de 18 mbliain d'aois nó níos mó. Tá sé an príosún cimithe do mhná cimithe ar athchur nó faoi phianbhreith ó chúirteanna ar fad lasmuigh de limistéar Mumhan.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 107.

Aonaid Tacaíochta an IPS

Tacaíonn an Grúpa Tacaíochta Oibríochtúil (OSG) le Gobharnóirí Príosúin chun cosc a chur le contrabhanna ag teacht isteach i bpríosúin, chun cosc a chur le coireacht a stiúradh ó phríosúin agus chun earraí coiscthe a aimsiú taobh istigh de phríosúin agus tá sé i bhfeidhm i ngach príosúin dúnta seachas Cnoc an Arbhair agus an tAonad Oiliúna. Grúpa Tacaíochta Oibríochtúil, Árd na Gaoithe, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 DO7YV40.

Tá seirbhís choimhdeachta phríosúnaigh á cur ar fáil ag Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin (PSEC). Tá PSEC foroinnte ina trí limistéar réigiúnacha, Cúige Mumhan, Cúige Chonnacht agus Cúige Laighean. Tá Cúige Uladh corpraithe i gCúige Chonnacht agus Cúige Laighean. Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin, Príosún Cnoc na Seamar, Bóthar Cnoc na Seamar, Baile Átha Cliath 22 D22WC84.

Is é Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a chuireann an oiliúint ar fad ar fáil laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. coláiste oiliúna Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Teach Stack, Bóthar Baile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laois R32NX53.

Cuireann Rannán na Seirbhísí Foirgníochta (BSD), seirbhís tacaíochta theicniúil / chomhairleach ar fáil maidir le cothabháil áiseanna príosúin agus maidir le tionscadail chaipitil. Tá an tsainseirbhís ghlasála príosúin á cur ar fáil aige freisin. Rannán na Seirbhísí Foirgníochta (BSD), Aonad 2, Eastát Tionsclaíochta Airways, Seantreabh, Baile Átha Cliath 17 D17HW53.

Building Services Division



Governor:
George Victory

Prison Service College



Governor:
David Clarke

Operational Support Group



Governor:
Frances Daly

Prison Service Escort Corps



Governor:
Michael Cosgrove

(the above text couldn't be edited; the required translations are shown below)

Building Services Division = Rannán na Seirbhísí Foirgníochta

Prison Service College = Coláiste na Seirbhíse Príosúin

Operational Support Group = Grúpa Tacaíochta Oibríochtúil

Prison Service Escort Corps = Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin

Governor = gobharnóir

Príosún Cnoc an Arbhair

*Cnoc an Arbhair,
Baile Átha Cliath 7.*



Gobharnór:
Liam Dowling

Cáil Oibríochtúil: 142 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é Cnoc an Arbhair d'fhir de 18 mbliain agus níos mó. Tá a phróifíl phríosúnaigh deánta de phríosúnaigh faoi phianbhreith fad-téarma don chuid is mó.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 138.

Príosún an Caisleán Riabhach

*Baile Anraí,
Caisleán Riabhach,
Co. Roscomáin.*



Gobharnór:
Martin Reilly

Cáil Oibríochtúil: 340 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é Príosún Caisleán Riabhach d'fhir de 18 mbliain d'aois nó níos mó. Tá sé an príosún cimithe do phríosúnaigh ar athchur nó faoi choimeád i gConnacht agus tógann sé cimithe ó chondaetha Cabhán, Dún nan Gall agus Longfort.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 308.

Príosún Corcaigh

*Bóthar Rathmór,
Cathair Corcaigh.*



Gobharnór:
James Collins

Cáil Oibríochtúil: 200 ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é Príosún Corcaigh d'fhir de 18 mbliain nó níos mó. Tá sé an príosún cimithe do chondaetha Corcaigh, Ciarraigh agus Port Láirge.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 218.

Príosún Luimneach

*Sráid Mulgrave,
Luimneach.*



Gobharnór:
Patrick Dawson

Cáil Oibríochtúil: 220 (fir) agus
28 (mná) ag deireadh na bliana.

Is príosún dúnta, meán-slándála é Príosún Luimneach d'fhir agus do mhná de 18 mbliain agus níos mó. Tá sé an príosún cimithe d'fhir do chodaetha Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann agus do mhná as na sé chodaetha na Mumhan.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 224 fir agus 24 mná.

Teach an Locháin

*An Blaic,
Co Cabháin.*



Gobharnór:
Edward Mullins

Cáil Oibríochtúil: 140 ag deireadh na bliana.

Is príosún oscailte, íseal-slándála é Teach an Locháin d'fhir de 18 mbliain d'aois nó níos mó a mheastar go bhfuil leibhéil níos lú slándála de dhíth orthu.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 116.

Mainistir Shelton

*an tInbhear Mór,
Co. Cill Mhantáin.*



Gobharnór:
Conal Healy

Cáil Oibríochtúil: 115 ag deireadh na bliana.

Is príosún oscailte, íseal-slándála é Mainistir Shelton d'fhir de 19 mbliain d'aois nó níos mó a mheastar go bhfuil leibhéil níos lú slándála de dhíth orthu.

Daonra Príosúnaigh: B'é meánuimhir laethúil faoi choimeád i 2015 ná 101.

Tuarascáil Staitistiúil

Forbhreathnú - sracfhéachaint ar staitisticí 2015

Rinneadh 17,206 cimiú chun príosúin in 2015, ar méadú 6.5% é seo i gcomparáid le líon iomlán 16,155 na bliana 2014. Rinneadh 14,182 duine a chur chun príosúin in 2015, i gcomparáid le 13,408 in 2013, ar méadú 5.8% é seo. Astu siúd, b'fhir 79.4% díobh agus ba mhná 20.6% díobh.

Cimiú i rith 2015

- Tháinig méadú foriomlán 1,134 duine nó 8.8% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith in 2015 (13,987) i gcomparáid le 2014 (12,853).
- Tháinig méadú 9.3% ar an gcimiú faoi phianbhreith níos lú ná 3 mhí i gcomparáid le figiúr 2014, i.e., anuas ó 9,361 go 10,229.
- Tháinig méadú 8% ar an líon príosúnach a cimíodh a raibh pianbhreitheanna 12 mhí nó níos lú á seirbheáil acu i gcomparáid le figiúr 2014 (aníos ó 11,596 in 2013 go 12,530 in 2015). B'ionann an cohórt seo agus 89.6% de gach cimiú chun príosúin faoi phianbhreith in 2015.
- Rinneadh 9,883 cimiú mar gheall ar neamhíocaíocht fíneála a d'ordaigh an chúirt, arbh ionann seo agus méadú 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, i.e. aníos ó 8,979 in 2014 go 9,883 in 2015. As seo, b'fhir a bhí i gceist le 73% díobh agus ba mhná 27% díobh.

Nuair a fhághtar fíneálacha as an áireamh ó na figiúirí seo, áfach:

- tháinig ardú 230 duine nó 5.9% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith anuas ó 3,874 in 2014 go 4,104 in 2015.
- tháinig laghdú 56 duine nó 10% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith anuas ó 540 in 2014 go dtí 484 in 2015.
- tháinig ardú 1.2% ar na líonta a cimíodh chun príosúin ar phianbhreitheanna níos lú ná 12 mhí i gcomparáid leis an bhfigiúr in 2014. Tháinig laghdú 28% ar na líonta a cimíodh chun príosúin ar phianbhreitheanna níos lú ná 12 mhí le 5 bliana anuas. (Féach Aguisín VI)
- tháinig ardú 20.9% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith ó bhliain amháin go dtí níos lú ná dhá bhliain anuas ó 350 in 2014 go 423 in 2015.
- tháinig ardú 20.9% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith ó 2 bhliain go dtí níos lú ná 3 bliana anuas ó 343 in 2014 go dtí 432 in 2015.
- tháinig ardú 4.6% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith ó 3 bliana go dtí níos lú ná 5 bliana anuas ó 346 in 2014 go dtí 362 in 2015.
- tháinig ardú 12.1% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith ó 5 bliana go dtí níos lú ná 10 mbliana anuas ó 165 in 2014 go dtí 185 in 2015

- tháinig ardú 28.6% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith 10 mbliana nó níos mó aníos ó 28 in 2014 go dtí 36 in 2015.
- tháinig laghdú 25% ar na líonta a cimíodh chun príosúin faoi phianbhreith saoil anuas ó 25 in 2014 go dtí 19 in 2015.

Daoine a coinníodh faoi na Dlíte Inimirce

In 2015, rinneadh 342 cimiú maidir le saincheisteanna inimirce ina raibh 335 coimeádaí. Is ionann seo agus laghdú i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (407 cimiú ina raibh 390 coimeádaí). Ba é an meánlíon daoine a bhí faoi choimeád faoin gcatagóir seo 4 dhuine.


Roghbhlúire de dhaonra na bpríosún amhail an 30 Samhain 2015

- Tháinig laghdú 0.58% ar an líon iomlán daoine a bhí faoi choimeád ar an dáta sin (3,777 duine an 28 Samhain 2014 anuas go 3,755 duine an 30 Samhain 2015).
- Bhí pianbhreitheanna saoil á seirbheáil ag thart ar 345 príosúnach (10.9%) agus bhí pianbhreitheanna aontrátha a mhair 10 mbliana nó níos faide á seirbheáil ag 254 príosúnach eile (8.1%).
- Bhí pianbhreitheanna níos lú ná 3 mhí á seirbheáil ag 15 ciontóir, arbh ionann sin agus 0.4% de líon iomlán na bpríosúnach a bhí faoi choimeád. Bhí 7 nduine sa phríosún mar gheall ar neamhíocaíocht fíneálacha, arbh ionann sin agus 0.19% de líon iomlán na bpríosúnach a bhí faoi choimeád ar an dáta sin.
- Bhí 411 príosúnach ar scaoileadh sealadach, a raibh pianbhreitheanna ní ba lú ná 3 mhí á seirbheáil acu mar gheall ar fhíneálacha, bhí 100 díobh rannpháirteach sa Chlár um Fhilleadh ar an bPobal, agus bhí 72 ar scaoileadh sealadach leis an Scéim Tacaíochta Pobail, bhí 4 dhuine ar scaoileadh sealadach struchtúrach le haghaidh ionaid oscailte, bhí 22 duine ar scaoileadh sealadach agus pianbhreitheanna ní ba lú ná 6 mhí á seirbheáil acu mar gheall ar chionta nár bhain le fíneálacha agus bhí 78 duine ar scaoileadh sealadach eile lena n-áirítear scaoileadh sealadach faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh.


Roghbhlúire de dhaonra na bpríosún amhail an 30 Samhain 2015

Ar 30 Samhain, b'ionann agus 3,755 líon iomlán na ndaoine a bhí faoi choimeád, agus áiríodh leo:

- 594 Príosúnach athchuir/trialach
- 7 Príosúnach fíneála
- 11 Choimeádaí Inimirce
- 8 bPríosúnach threascracha




Fíor. 3 Roghbhlúire forbhreathnaithe ar dhaonra na bpríosúnach amhail an 30 Samhain 2015



Fíor. 4 Roghbhlúire forbhreathnaithe ar dhaonra na bpríosúnach amhail 30 Samhain 2015


Meánlíon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád



Fíor 5. Meán Laethúil 2007-2015


Ba é 3,722 príosúnach an meánlíon foriomlán laethúil príosúnach a bhí faoi choimeád in 2015, i gcomparáid le 3,915 in 2014. Is ionann é sin agus laghdú 5%. Ba é an meánlíon ciontóirí baineanna faoi choimeád 131, ar laghdú 12.7% é seo i gcomparáid le meánlíon 150 na bliana 2014.

Mná faoi phianbhreith = Iomlán 115




Fíor 6

Fir faoi phianbhreith




Fíor 7.

Fad iomlán na bpianbhreitheanna = 3,150




Fíor. 8 Roghbhlúire forbhreathnaithe ar dhaonra na bpríosúnach amhail 30 Samhain 2015

Grúpa ciona rangaithe de réir pianbhreithe = Iomlán 3,150



Fíor 9. Roghbhlúire ar chatagóir chiona dhaonra na bpríosúnach amhail 30 Samhain 2015

Cimiú



Fíor 10. Cimiú 2007-2015

Líon na ndaoine a cimíodh chun príosúin in 2015

Bhí líon iomlán 14,182 duine mar chúis leis na 17,206 cimiú. Baineann an figiúr seo le daoine a nuachimíodh chun príosúin, (i.e. nach bhfuil ar athchur nó nach bhfuil pianbhreith eile á seirbheáil acu). Léiríonn seo méadú 5.8% ar líon iomlán 13,408 duine seo in 2014.


As na 14,182 duine a cimíodh in 2015, b'fhir 79% díobh agus ba mhná 21% díobh. Nuair a bhaintear an cimiú mar gheall ar neamhíocaíocht fíneála a d'ordaigh cúirt, is fir atá i measc 92% de na daoine a cimíodh agus is mná 8% díobh.

Léiríonn an líon iomlán 17,206 cimiú chun príosúin, i gcomparáid le 16,155 in 2014 méadú 6.5%.

B'éard a bhí i measc iomlán na 17,206 cimiú:


- 13,503 cimiú faoi pianbhreith
- 3,294 cimiú ar athchur,
- 61 cimiú maidir le heiseachadadh faoi Bharántas Gabhála Eorpach,
- 342 cimiú faoin dlí inimirce, agus
- 6 cimiú mar gheall ar dhíspeagadh cúirte.

**Aois na bhFear a cimíodh,
iomlán = 11,264**



Fíor 11. Aois na bhfear a cimidh chun príosúin in 2015


Aois na mban a cimidh chun príosúin: iomlán = 2918




Fíor 12. Aois na mban árna gcimiú chun príosúin i 2015

Cineál cimithe agus inscne

Fir



Mná



Líon iomlán 13,795

Líon iomlán 3,411

Fíor 13. Cimithe le linn 2015 arna rangú de réir chineál an chimithe agus inscne

Contae Dúchais agus Tír Dhúchais na ndaoine arna gcimiú chun príosúin

As na daoine ar fad a cimiódh, luaigh os cionn an cheathrú cuid acu (26.1%) gurb é Baile Átha Cliath an contae inár chónaigh siad. Ba iad Corcaigh le 14.0%, Luimneach le 8.2% agus Tiobraid Árann 4.2% na contaetha ba mhó a luadh i ndiaidh Bhaile Átha Cliath.

As na 14,182 duine ar fad a cimiódh, Éireannaigh ba ea 11,979 duine díobh (84.5%), méadú de 855 duine nó 7.7% i gcomparáid leis an bhfigiúr comhfhreagrach 2014 de 11,124.

Náisiúnaigh ó bhallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh (nach Éireannaigh iad) ba ea 1,526 (10.8%) de na daoine a cimiódh. Náisiúnaigh Eorpacha eile ba ea 149 duine díobh (1.1%), náisiúnaigh Afraiceacha ba ea 268 duine díobh (1.9%), náisiúnaigh Áiseacha ba ea 170 duine díobh (1.2%), agus náisiúnaigh Mheiriceá Láir agus Theas ba ea 46 duine díobh (0.3%).

Tá miondealú de réir contae cónaithe agus tír dúchais ar fáil ar ár suíomh gréasáin:
www.irishprisons.ie


Cimithe faoi Phianbhreith

Bhí 13,503 cimiú díreach faoi phianbhreith in 2015. Nuair a chuirtear leis sin 484 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur/ag fanacht ar thriail agus a cimiódh ina dhiaidh sin, is é 13,987 líon iomlán na bpríosúnach in 2015 ar glacadh leo ar chiontú dóibh.

Fad pianbhreithe


Bhí méadú de 8.8% (1,134) ar líon na ndaoine a cimiódh chun príosún faoi phianbhreith in 2015 (iomlán de 13,987) i gcomparáid le figiúr 2014 (12,853). Ach nuair a fhágtar cimithe fíneála ar lár ó na figiúirí seo, tháinig laghdú ar líon na ndaoine arna gcimiú faoi phianbhreith le 230 nó 6% ó 3,874 in 2014 go 4,104 in 2015.

Forbhreathnú ar chimiú




Fíor 14. Forbhreathnú ar chimiú le linn 2015

lomlán sa Chionghrúpa = 13,987




Fíor 15. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2015 de réir cionghrúpa

Fad iomlán na bpianbhreitheanna = 13,987



Fíor 16. Cimithe faoi phianbhreith le linn 2015 de réir fhad na pianbhreithe Aoisghrúpa



Fíor 17. Cimiú faoi phianbhreith i rith 2015 de réir aoisghrúpa

Cimithe maidir le Fíneálacha nó Fiachas

In 2015 bhí méadú de 10.1% ar líon na gcimithe - ar chimithe iad nár íoc fíneáil a d'ordaigh an chúirt - i gcomparáid le figiúr 2014 .i. ó 8,979 cimiú in 2014 go dtí 9,883 cimiú in 2015.

As na cimithe seo, príosúnaigh bhaineanna ba ea 2,667 duine acu, agus príosúnaigh fhireanna ba ea 7,216 duine acu. Cimíodh 22 féichiúnaí (21 fear agus bean amháin) le linn na bliana.

Tá tuilleadh eolas staidrimh ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.irishprisons.ie

Cuspóirí Straitéiseacha

In Aibreán 2012, sheol Seirbhís Phríosúin na hÉireann Plean Straitéiseach Trí Bliana do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ag cuimsiú na tréimhse 2012-2015.

Rinneadh forbairt ar an Ráiteas Straitéise i gcomhar lenár bhfoireann sa cheanncheathrú, iad siúd atá lonnaithe sna príosúin agus in áiteanna eile. Tugadh faoi phróiseas leathan comhairleoireachta chomh maith leis na páirtithe leasmhara cuí ar fad sa chóras coiriúil dlí agus cirt agus lasmuigh dó sin.

Ba iad na cuspóirí ardleibhéal uileghabhálacha atá ina mbuntaca ag ár ngníomhartha straitéiseacha ná:

- Sábháilteacht an phobail a neartú trí choimeád sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd arna gcimiú ag na Cúirteanna, trí cur chuige ilghníomhaireachta do chiontóirí a fhorbairt ar mhaithe leis an mbaol atá ann go ndéanfaidh siad coir eile a laghdú agus athshlánú na bpríosúnach a fheabhsú.
- Comhlíonadh na hÉireann le dualgaisí cearta daonna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus dea-chleachtais a chinntiú.
- Leasuithe a chur ar fáil agus athruithe a chur i bhfeidhm faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí agus an Plean Athchóirithe Comhtháite don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Is é ról an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann ná coimeád slán, sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd ar fad arna gcimiú ag na cúirteanna. Is é ról na Seirbhíse chomh maith plé le príosúnaigh ciontaithe ar bhealach réalaíoch, fóinteach ar mhaithe leis an seans go ndéanfaidh siad coireanna eile a laghdú agus lena lánpháirtíocht i measc an tsochaí arís a fheabhsú, agus dá réir ag cur le sábháilteacht an phobail agus atitimeachas a laghdú agus ag an am céanna ag cinntiú go gcuireann daoine ciontaithe isteach ceart na pianbhreitheanna a gearradh orthu agus nach é an toradh a bheidh ar chinntí a déantar faoi phríosúnaigh faoina gcúram, go mbeidh aon chontúirt/baol ar an mórphobal nach bhfuil gá leis.

Tá na 6 ghníomh straitéiseacha sa Straitéis bunaithe ar:

- Líon na bPríosún
- Dul chun cinn na bpríosúnach
- Cláir do phríosúnaigh
- Bainistíocht agus Foireann
- Eastát na bPríosún, agus
- Reachtaíocht do Phríosúin a Dhaingniú

Trí fheidhmiú na ngníomhartha seo táthar ag iarraidh a chinntiú go bhfuil an tSeirbhís ag cloí lena bhfreagrachtaí bunúsacha mar ghné ríthábhachtach den chóras dlí coiriúil.

Ar leibhéal praiticiúil, i rith an ama a bhí an Plean Straitéiseach i bhfeidhm, tá dul chun cinn suntasach déanta de bharr an phlean chun ár n-eagraíocht a fheabhsú ar gach leibhéal.

Tugann an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil seo sonraí ar an dul chun cinn chuig deireadh 2015 ar an bPlean Straitéiseach Trí Bliana.

1

Líon na bpríosúnach

Déanfaimid an toilleadh sna príosúin a ailíniú leis na treoirlínte atá leagtha síos ag Cigire na bPríosún fad is go bhfuil sé comhoiriúnach le sábháilteach an phobail agus le hionracas an chórais dlí choiriúil. Cinnteoidimid go gcuirtear phríosúnaigh a scaoiltear amach luath as príosún ar chlár chuí struchtúrtha do dhaoine atá a scaoileadh amach as príosún go sealadach.

2

Dul chun cinn na bpríosúnach

Déanfaimid athinnealtóireach ár gcóras príosún le feidhm a thabhairt do na prionsabail lena n-áirítear, normalú, dul chun cinn agus athimeascadh. Cuirfimid deireadh le coiméad leanaí i bhforas Naomh Pádraig i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus páirtithe leasmhara cuí eile.

3

Clár do Phríosúnaigh

Oibreoidimid le bainistiú pianbhreitheanna réamh-phríosúnachta agus iar-phríosúnachta a fheabsú ar shlí a chuirfidh toradh feabhsaithe do phríosúnaigh ar fáil trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile stáit, le n-áirítear an tSeirbhís Phromhaidh, agus earnálacha pobail agus deonacha. Leagfaimid amach straitéiseacha áirithe do phríosúnaigh níos óige, mná, príosúnaigh níos sine, ciontóirí gnéis, príosúnaigh cosanta, ciontóirí foréigneachta agus dóibh siúd atá ag fulaingt le meabhairghalar. Tógfaimid agus cuirfimid feabhas ar na clár agus seirbhísí realta, lena n-áirítear oideachas agus gairmoiliúint creidiúnaithe.

4

Bainistíocht agus Foireann

Cuirfimid i bhfeidhm forálacha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus an Phlean Athchóirithe Comhtháite don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun ceadú seirbhísí poiblí den scoth a chur ar fáil agus na costais laghdúithe agus éifeachtúlachtaí is gá a chur ar fáil chomh maith. Déanfaimid athbhreithniú ar ár struchtúir bainistíochta agus foirne lena chinntiú go mbeidh éifeachtacht níos fearr agus freagracht agus cumarsáid níos láidre ar fud na Seirbhíse.

5

Eastát na bPríosún

Cuirfimid i bhfeidhm plean caipitiúil 40 mí chun sláintíocht a chur isteach sna na cillíní ar fad agus feabhas ó bhonn a chur ar choinníollacha príosúin sna na seanpháirteanna d'eastát na bpríosún.

6

Reachtaíocht do Phríosúin a Ghaingniú

Obreoidimid leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le dlí príosúin a dhaingniú agus athráiteas a dheanamh faoi i dtéarmaí soiléire a bhfuil fáil orthu.

Aicsean Straitéiseach 1: Lón na bpríosúnach	
Aicsean 1.1	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Laghdú ar phlodú ainsealach i Muinseo, Corcaigh, Luimneach agus an t-ionad Dóchas	Leanúnach Ailíníodh acmhainní leapa 9 príosún leis na figiúirí molta ag Cigire na bpríosún. Is iad na príosúin seo ná: Muinseo Fir, Naomh Pádraig, Port Laoise, an LárTíre, Teach an Locháin, an tAonad Oiliúna, Cnoc na Seamar, Príosún Chruithneachtáin agus Teach na gCanónach. Ar 31 Nollaig 2015 bhí 3,647 príosúnach faoi choimeád. Léiríonn sé seo leibhéal seilbhíochta de 89% den achmainn leapa IPS de 4,116 agus 92% den achmhainn leapa molta ag Cigire na bpríosún 3,977.
Aicsean 1.2	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Feidhmiú céimneach Náisiúnta den gClár Fillidh Pobail	Curtha i bhfeidhm
Aicsean 1.3	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Maoiniú comhpháirteach agus socruithe foirne chun infhaighteacht cláir struchtúrtha sa phobal a uasmhéadú	Curtha i bhfeidhm
Aicsean 1.4	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Lón méadaithe de phríosúnaigh fad-téarmacha ag dul i ngleic le próiseas an Bhoird Pharúil	Leanúnach Tugadh isteach roinnt tionscnaimh i gcónasc leis an mBord Parúil chun páirtíocht sa phróiseas an Bhoird Pharúil a chur chun cinn. Cuireadh bileoga eolais thart chuig príosúnaigh cháilithe maidir le próiseas an Bhoird Pharúil agus éascaíodh cruinnithe i roinnt príosún leis an mBord Parúil le haghaidh príosúnaigh faoi phianbhreith saoil.

Aicsean Straitéiseach 2: Dul chun cinn na bPríosúnach	
Aicsean 2.1	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Leibhéal slándála agus réimis stádais 14 dár gcuid príosún a ainmniú agus a chinntiú go mbainisteofar pianbhreitheanna na bpríosúnach le dul chun cinn iomchuí tríd an gcóras a chinntiú le súil agus normalú, dul chun cinn agus athimeascadh a fheabhsú.	Leanúnach Tá Plean Náisiúnta Sreafa maidir le bainistiú pianbhreitheanna agus dul chun cinn príosúnach á bhrú ar aghaidh. Le cur i gcrích 2016. Aontaíodh cistiú le haghaidh seisear Síceolaithe Cúnta a earcú chun tacú le bainistiú pianbhreithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar mheasúnú ar bhuanna, riosca agus riachtanais.

Aicsean 2.2	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Athbhreithniú bunúsach ar struchtúr campais na bpríosún/ na bpríosún aonair ó thaobh feidhme de agus ó thaobh cláir inmheánacha maidir le dul chun cinn na bpríosúnach	Leanúnach Tá Struchtúir Bhainistithe Campais nua tugtha isteach i Muinseo, Baile Átha Cliath Thiar agus Port Laoise. Déanfar athbhreithniú ar bhonn leanúnach de bharr na moltaí in san Tuarascáil “Culture and Organisation in the Irish Prison Service, A Road Map For the Future” agus de bharr torthaí a bith a bheidh ar an bPlean Náisiúnta Sreabhaidh.

Aicsean 2.3	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Athbhreithniú ar stádas cimithe na bpríosún	Curtha i bhfeidhm

Aicsean 2.4	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Nósanna imeachta iomchuí maidir le cimiú le tabhairt isteach	Curtha i bhfeidhm

Aicsean 2.5	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Sain-Limistéir cimithe le tabhairt isteach i ngach príosún cimithe	Curtha i bhfeidhm

--	--

Gníomh Straitéiseach 3: Cláir Phríosúnach	
Aicsean 3.1	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Pleanáil phianbhreitheanna a fheabhsú, Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna san áireamh	Leanúnach Tháinig iomlán 24 Comhordaitheoirí tiomnaithe ISM i bhfeidhm sna príosúin agus ionaid oscailte ar fad ó Mhárta 2015. Mar thoradh ar leithdháileadh foirne tiomnaithe i ngach aonad cuirtear go mór le héifeachtacht an chórais maidir le bainistiú pianbhreitheanna agus éascaítear rannpháirtíocht na bpríosúnach sa phróiseas agus líon na bpríosúnach sin ag dul i méid. Tá athbhreithniú ar an bpróiseas ISM ar siúl faoi láthair. Tá Scáileán Comhtháite Pleanála á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar chuid den Chóras Bainistíochta um Fhaisnéis Phríosúnach (PIMS) lenar féidir idirghníomhaíocht idir príosúnaigh agus seirbhísí a thaifeadadh go lárnach. Chomh maith leis sin, cuireann an córas sin ardán ar fáil chun foláirimh áirithe réamhscaoilte a thaifeadadh lena mbreithnithe i gcomhthéacs bhainistíocht phianbhreithe an phríosúnaigh.

Aicsean 3.2	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Feidhmiú céimneach náisiúnta ar Bheartas Réimeas Dreasaithe agus córaspholasaí dreasaithe aonarach a thabhairt isteach i ngach príosún	Curtha i bhfeidhm

Forbairt Straitéisí Sonracha:

Aicsean 3.3	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do phríosúnaigh níos óige	Leanúnach Rinne Seirbhís Príosún na hÉireann idirchaidreamh le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig maidir le freagracht a aistriú as daoine óga 17 mbliana d'aois chuig Campas Bhaile Oibricigh ar aon dul le cinneadh an Rialtais chun Foras Naomh Pádraig a dhúnadh agus aistríodh ciontóirí óga faoi phianbhreith chuig cóiríocht níos oiriúnaí ag Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta. Cheadaigh an tOireachtas Acht na bPríosún 2015 i mí na Nollag 2015 agus céim shuntasach ba ea é chun dúnadh iomlán Foras Naomh Pádraig a éascú.

Aicsean 3.4	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do phríosúnaigh (mná)	Curtha i bhfeidhm

Aicsean 3.5	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do phríosúnaigh níos sine	Leanúnach Agus aitheantas a bheith ann ar riachtanais ar leith na ndaoine níos sine faoi choimeád, tá plean cúram altranais ag príosúnaigh ar fad atá níos sine ná 55 bliain d'aois, inar aithníodh a gcuid riachtanais ar leith. Cuidíonn an próiseas pleanála cúraim seo le foireann cúraim sláinte chun saincheisteanna othair-sonracha a aithint agus trí-chúram éifeachtach ar fhuascailt a shocrú. Suirbhé ar phríosúnaigh níos sine déanta. Athbhreithniú ar thorthaí an shuirbhé faoi chaibidil. Beartas maidir le Bainistíocht Príosúnach Níos Sine ag céim dréachta.

Aicsean 3.6	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do Chiontóirí Gnéis	Leanúnach Tá Comhchlár Náisiúnta Scothchleachtais á chur i bhfeidhm ag Seirbhís Síceolaíochta Phríosúin na hÉireann/an tSeirbhís Phromhaidh idir Príosún Lár Na Tíre agus Príosún Chnoc an Arbhair, agus iarrachtaí maidir le cóir leighis á ndíriú aige ar chiontóirí ardriosca atá ciontaithe as foréigean gnéasach. Tá an clár sin á bhainistiú ag grúpa ildisciplíneach maoirseachta idir an dá príosún, agus tá an Stiúrthóir Cúraim agus Athshlánúcháin ina chathaoirleach ar an gclár.

Aicsean 3.7	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do Phríosúnaigh a dteastaíonn cosaint uathu	Leanúnach Reachtáladh cruinnuithe rialta den Grúpa Gaibhniú Aonair, cathaoirleach déanta ag an tArd-Stiúirtheoir chun líon na bpríosúnach ar ghlasáil 23 uair agus le bearta a thabhairt isteach chun líon na bpríosúnach sealbhaithe ar réisim teoranta. Ó bhunú an Grúpa Ghaibhniú Aonair IPS, tháinig laghdú 133 nó ó 211 go 78 ar líon na bpríosúnach ar ghlasáil 22/23 uair i mí Dheireadh Fómhair 2015. Tá coiste inmheánach curtha ar bun le scrúdú a dhéanamh ar réimse na cosanta i gcomhthéacs níos leithne, agus bhí sé mar aidhm aige líon na bpríosúnach a laghdú a mbíonn cosaint á lorg acu agus chun chur le teacht ar réimeanna.

Aicsean 3.8	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do Chiontóirí Foréigneacha	Curtha i bhfeidhm

Aicsean 3.9	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Straitéis do Phríosúnaigh a bhfuil meabhairghalar orthu	Leanúnach Lean dul chun cinn ar aghaidh maidir le soláthar sheirbhísí sláinte intinne cuí. I mí Eanáir 2015, ceapadh Síciatraí nua Comhairleach do Dhaoine Fásta (a bhfuil suim ar leith aige sa Síciatracht Fhóiréinseach) ar bhonn buan do FSS an Iarthair Láir, agus tá seirbhís inreach á cur ar fáil aige do Phríosún Luimnigh ar bhonn seisiúnach. Ceapadh Síciatraí Comhairleach nua Fóiréinseach, atá ag obair i gcomhar leis an NFMHS, i Márta 2015, chun seirbhísí breise ildisciplíneacha in-reach faoi stiúir Comhairleora a chur ar fáil do Champas Phort Laoise agus chun ionchur seisiúnach a chur ar fáil do Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an FSS/NFMHS chun Meabhrán Tuisceana comhaontaithe a chríochnú, lena chinntiú go gcuirfear seirbhísí cuí Síciatracha ar fáil dóibh siúd go léir atá faoi choimeád i bpríosúin dúnta agus a bhfuil sainriachtanais mheabhairshláinte acu. Le linn 2015, rinneadh clár oiliúna meabhairshláinte a fhorbairt do gach ball foirne, agus tá sé le tabhairt do gach ball foirne thar thréimhse trí bliana.

Aicsean 3.10	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Cleachtais phíolótacha ceartas aisiríoch	Tugadh faoi chláir píolótacha in Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta agus san Aonad Dóchais.

Aicsean 3.11	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Infheistíocht Tionchair Shóisialta (SII)	Leanúnach Tionóladh grúpa idirghníomhaireachta ó na hearnálacha Cirt chun deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do phríosúnaigh le linn dóibh a bheith faoi choimeád agus i ndiaidh dóibh a bheith scaoilte saor. Togra chun Scéim Fiontair Shóisialta a fhorbairt atá comhtháite le hobair. Cuireadh dréacht-téarmaí tagartha thart le haghaidh foirne forbraíochta.

Aicsean 3.12 Oibriúcháin	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Pleananna bainistithe cáis idirghníomhaireachta do gach príosúnach faoi réir maoirseacht iar-choimeádta	Leanúnach Leagann an Comhstraitéis IPS/ na Seirbhíse Promhaidh amach plean idirghníomhaireachta ar chonas a leanfaidh an dá eagraíocht ar aghaidh ag forbairt agus ag comhordú ár oibriú comhpháirteach, i gcónasc lenár bpáirtithe reachtúla agus pobail agus earnála dheonach, chun torthaí do phríosúnaigh a fheabhsú níos mó. Féach aguisín 1 le haghaidh dul chun cinn ar an gcomhstraitéis.
Aicsean 3.13	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Cláir príosún-bhunaithe agus socruithe tré-chúraim a fhorbairt do phríosúnaigh	Leanúnach Leagann an Comhstraitéis IPS/ na Seirbhíse Promhaidh amach plean idirghníomhaireachta maidir le cláir ciontóra príosúnach- bunaithe agus socruithe trí-chúram. Féach aguisín 1 le haghaidh dul chun cinn ar an gcomhstraitéis.
Aicsean 3.14	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Forbairt agus feabhas leanúnach ar sheirbhís drugaí lena n-áirítear athbhreithniú ar Bheartas Cóireála Drugaí Cliniciúla Sheirbhís Phríosúin na hÉireann	Leanúnach Cuireadh seirbhís bhreise cóireála le substaint ionadaíoch maidir le codlaidínigh ar fáil i gCorcaigh in 2015 agus leanadh ar aghaidh le seirbhísí a chur ar fáil i gCampas Muinseo chun Feabhas a chur ar Chóireáil Dhrugaí. Rinneadh Athbhreithniú faoi stiúir IPS agus na Seirbhíse Promhaidh ar Sheirbhísí Cóireála Druga agus Alcóil do Ciontóirí; tá an Tuarascáil le bheith foilsithe go luath in 2016 agus léi sin cuirfear faisnéise ar fáil le haghaidh cinntí a dhéanamh sa réimse seo feasta.

Aicsean 3.15	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Aonaid Saor ó Dhrugaí a thabhairt isteach i ngach príosún, seirbhísí cóireála drugaí a fhorbairt go leanúnach agus beartais fheabhsaithe le soláthairtí a laghdú.	Leanúnach In 2015 chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann líne theileafóin faoi rún i bhfeidhm chun cosc a chur ar an ngáinneáil agus lena chur ar chumas daoine den phobal agus príosúnach eolas a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le ceist ar bith a bhaineann leis a hearraí coiscthe amhail drugaí, airm nó fóin phóca a smuigleáil nó le hiarrachtaí ar iad a smuigleáil. Ina theannta sin, lean an Grúpa Tacaíochta Oibríochtúla le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí agus le hiad a nuachóiriú chun laghdú a dhéanamh ar líon na ndrugaí a thagann isteach i bpríosúin agus chun roinnt mhór cuardach a dhéanamh i gcillíní ar fud Eastát na bPríosún.

Aicsean 3.16	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Áiseanna caighdeánacha iniúchta chun coibhéis cúram sláinte a thomhais.	Leanúnach Iniúchtaí críochnaithe do Luimneach, Corcaigh, Dóchas, Lártíre, Páirc na Cruithneachta agus Cnoc an Arbhair. Audits completed for Limerick, Cork, Dóchas, Midlands, Wheatfield and Arbour Hill. Léirigh na hiniúchtaí a rinneadh go dtí seo gur tháinig méadú suntasach ar chomhlíonadh le caighdeáin cúram sláinte.

Aicsean 3.17	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Tacaíochtaí Teaghlaigh a NeartúStrengthen family supports	Leanúnach Chuir an Grúpa um Imeascú Teaghlaigh & Príosúnachta (FIG) moltaí an Grúpa Oibre FIG chun cinn ar bhonn píolótach i bPríosún Luimnigh. Rinneadh Clár Tuistithe Teaghlaigh agus Príosúnachta saincheaptha a fhorbairt i gcomhoibriú le Páirtithe Pobail (Tionscnamh Forbairt Leanaí, Tuismitheoirí Plus agus Tionscadal Rae Bedford) agus a chur ar fáil do ghrúpa píolótach príosúnach agus a bpáirtithe in 2015. Thug 20 ball foirne i bPríosún Luimnigh faoi Oiliúint d'Oifigh Idirchaidrimh do Theaghlaigh.

Aicsean Straitéiseach 4: Bainistíocht agus Soláthar Foirne

Aicsean 4.1	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a Fheidhmiú	Leanúnach Cuireadh Aithbhreithnithe Tasca i gcrích sna 14 príosún , i gColáiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus sa Ghrúpa Tacáíochta Oibríochtúla. Tá athbhreithnithe de chuid Chór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin ar feitheamh. Tá athbhreithniú ar thascanna na gCeirdeanna aontaithe agus i bhfeidhm agus tá tús curtha le gráid a chuíchóiriú agus a chomhdhlúthú. Tá a próiseas curtha i gcrích le hUaireanta Breise a ailíniú le HRA 3:10/70. Tá an áis maidir le heisiócaíocht uathoibríoch eochracha suiteáilte in ionad amháin. Tugadh Earcaíocht oscailte le haghaidh séiplínigh phríosúin. Tá an grád Oifigh Tacáíochta Riaracháin Príosúin (PASO) i bhfeidhm go hiomlán agus tá ceapacháin a ndéanamh ar bhonn leanúnach. Bhí 115 PASO ag obair don IPS ag deireadh 2015 Leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí chun méadú a chur le comhlíonadh i measc ball foirne agus bainisteoirí maidir lena gcuid dualgas faoi Bheartas Bainistithe Freastail 2014 le haghaidh a thabhairt ar an méadú ar neamhfhreastal. Tháinig méadú 13.5% ar líon na laethanta a cailleadh in 2015 i gcomparáid le figiúr 2014 - ó 11.4 lá cailte de líon na n-oifeagach in 2014 go dtí 13.2 lá cailte de líon na n-oifeagach in 2015. D'fhan scálaí pá laghdaithe de chuid an HRA i bhfeidhm le haghaidh daoine a ghnóthaigh níos mó na €65,000 in 2015. Leanadh ar aghaidh le hiarchuir tuarastail HRA ar incrimintí/laghdú ar liúntais saoire bhliantúil/aisbhaintí airgid/oibriú laethanta scíthe in 2015. Rinneadh aontú lárnach in 2015 ar Chomhaontú Bhóthar Lansdún maidir le athbhunú pá agus cuirfear i bhfeidhm é dá réir sin. Cuireadh ciorclán 1/2015 maidir le ró-íocaíocht phá i bhfeidhm ó Mhárta 2015.

Aicsean 4.2	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Bainistíocht agus athstruchtúróir foirne	Leanúnach Rialachas campas-bunaithe oibríochtúil anois i dtrí shuíomh - Campas Baile Átha Cliath Thiar (Príosún Cruithneachtáin, agus Príosún Cnoc na Seamar), Capas Port Laoise (Príosún Port Laoise agus Lártíre) agus Campas Muinseo (Príosún Muinseo, Institiúid Naomh Pádraig, Aonad Dóchas agus an Aonad Traenála).

Aicsean 4.3	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Aonad Caighdeáin Ghairmiúla agus Dí a Bhunú	Curtha i bhfeidhm

Aicsean 4.4	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Creidiúnú ó Chóras Bainistithe Sláinte Ceirde agus Sábháilteachta an IPS a fháil agus a chothabháil	Leanúnach An Grúpa Feidhmiúcháin um Chomhlíonadh (CE), a bhfuil an tArd-Stiúrthóir ina chathaoirleach air agus lena n-áirítear bainisteoirí sinsearach ar leibhéal ceannoifige agus bainistíochta príosúin, bhí cruinnithe aige trí uaire le linn 2015. Lean an Grúpa CE leis ag déanamh monatóireachta ar fhoghrúpaí éagsúla maidir lena gcuid cuspóirí don bhliain a bhaint amach. Chomh maith le hobair na bhfoghrúpaí sin, bhuail na Coistí Áitiúla Sábháilteachta le chéile go rialta ar fud an Chórais Phríosúin le haghaidh a thabhairt ar ceistanna maidir le sláinte agus sábháilteacht. Choinnigh Campas Phort Laoise/IPSC creidiúnú eachtrach de chuid NSAI le haghaidh a gcórais bainistíochta Sláinte agus Sábháilteacht. Tá Sábháilteacht Tine agus ábhair Sláinte agus Sábháilteachta mar ardthosaíocht don IPS.

Aicsean 4.5	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Athbhreithniú ar struchtúir oiliúna	Leanúnach Éachtaí suntasacha déanta i leith oiliúna maidir le feasacht mheabhairshláinte, cearta daonna, comhionannas agus ilchineálacht, iompar gairmiúil, eitic, cumarsáid agus

	scileanna idirphearsanta, teaghlaigh phríosúnach, cosaint leanaí, ceannaireacht, bainistíocht agus riarachán. Chuir Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann tús leis na moltaí a chur i bhfeidhm a bhí sa Tuarascáil ar Chultúr agus Eagrú i Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus faoi dheireadh 2015 bhí struchtúr nua soláthair foirne aontaithe aige. Tá sé beartaithe go n-éascódh cur i bhfeidhm an struchtúir sin in 2016 oiliúint agus oideachas a chur ar fáil a bheadh éifeachtach, ábhartha, praiticiúil agus bunaithe ar an teoiric chomhaimseartha agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus go beidh sé saincheaptha le haghaidh grád ar leith agus ról ar leith.
--	---

Aicsean 4.6	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Cairt do Dhínit ag an Obair agus feachtas measa agus dínite i ngach príosún a sheoladh	Leanúnach Aithníodh cúig iompair leis an bhfoireann chun comhshaol oibre maorga a chinntiú - Ómósach, Tacúil, Oscailteacht, Inniúlacht, Cothrom agus Cuimsitheach. Tá roinnt beartas dréachta lena n-áirítear Caighdeán Inghlactha Iompair, Beartas Frithghraifítí, Creatlach Inniúlachta, Beartas Folláine ag Obair, le bunús a chruthú chun na cineálacha sin iompair a chur i bhfeidhm go daingean san eagraíocht. Gníomh Straitéiseach rithábhachtach de chuid ár chéad phlean straitéiseach eile a bheidh i dtacaíocht agus forbraíocht ball foirne chun na cineálacha sin iompair a chur chun cinn.

Gníomh Straitéiseach 5 : Eastát na bPríosún
Plean Caiteachas Caipitil 2012-2016

Aicsean 5.1	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Sláintíocht sa chill a chur ar fáil i ngach áit eile in eastát na bpríosún	Leanúnach Cuireadh an nuashonrú ar bhloic cóiríochta i gcrích in 2015. Cuireadh an chéim tógála le haghaidh an phríosúin nua i gCorcaigh i gcrích. Ceadaíodh cás gnó le haghaidh príosún Luimnigh a athfhorbairt le gur féidir leanúint ar aghaidh go dtí an chéim fhorbartha tairisceana. Rinneadh obair thaisceálachar ar na roghanna i leith folmhú na fualáin a chur ar ceal i mBloc E Phort Laoise. Tháinig laghdú ar líon na bpríosúnach ag folmhú na fualáin chuig 231 ag deireadh 2015. Is laghdú de 77% é seo ó thús 2012. Tá rochtain 24 uair ag 94% de príosúnaigh ar áiseanna leithris anois.

Aicsean 5.2	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Tabhairt faoi thionscadail chaipitil d'fhonn cóiríocht agus saoráidí as dáta a athsholáthair: • Príosún Chorcaí; • Príosún Luimnigh (eití A & B a athsholáthar); • Príosún Mhuinseo (eití A, B & D); • Port Laoise Bloc E.	Leanúnach Corcaigh - Tá an obair beagnach curtha i gcrích chun príosún nua thógáil do Chorcaigh le tógáil agus feistiú. Luimneach - Tá cead faighte don chás gnó d'athfhorbairt substainteach Phríosún Luimnigh ag cuimsiú soláthar príosúin neamhspleách do mhná, chun leanúint ar aghaidh go dtí an chéim fhorbartha tairisceana. Muinseo - Tá an nuashonrú ar bhloic chóiríochta curtha i gcrích. Port Laoise - tá an tionscadal spleách ar chaipitil. Tá riachtanas leanúnach ann maidir le breathnú ar na hoibre atá de dhíth ag Príosún Port Laoise.

Aicsean straitéiseach 6: Comhdhlúthú Reachtúil

Aicsean 6.1	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Déanfaimid an méid seo a leanas, i gcomhar leis an Rannán Athchóirithe Dlí Choiriúil: • Dlí príosúin a athbhreithniú chun réimsí dlí a aithint le haisghairm, le athbhreithniú nó le hathlua i dtéarmaí nua- aimseartha; • Réimsí a aithint nach mór a rialú ag reachtaíocht i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta; • An tslí a bhféadfadh leasuithe ar an dlí atá ann cheana féin a mheas i ndáil le feidhmiú níos éifeachtúla na Seirbhíse; • Forálacha reachtúla nua a mholadh d'fhonn an struchtúr rialachais corparáidigh is oiriúnaí don eagraíocht a léiriú; • Aon leasuithe reachtúla is gá chun éifeacht a thabhairt do ghealltanais Chlár an Rialtais maidir le loghadh a aithint.	Leanúnach Uirlisí reachtúla forbartha agus achtaithe chun éifeacht a thabhairt d'athruithe i bhForas Naomh Pádraig agus Príosúin Chruithneachtain. Ordú Cimithe Comhdhlúite athchóirithe agus oibríochtúil. Athruithe dréachta maidir le Riail 57 Gearáin Phríosúnach Rinneadh comhdhlúthú riaracháin Rialacha Príosúin 2007 - 2014 a chur i gcrích agus a fhoilsiú. Athruithe déanta ar Rialacha Phríosúin maidir le logadh na pianbhreithe (riail 59)

Aicsean 6.2	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Saineolas agus comhairle a chur ar fáil don Rannán Athchóirithe Dlí Choiriúil chun cabhrú le dréacht-Scéim Ghinearálta do Bhille Príosúin a leagan amach	Leanúnach Tuairimí soláthartha don Roinn Dlí agus Cirt a achtaíodh in 2015.

Aicsean 6.3	Dul chun cinn go deireadh na Nollag 2015
Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don Rannán Athchóirithe Dlí Choiriúil chun cabhrú leis an mBille a fhoilsiú agus a chur tríd an Oireachtas lena achtú	Leanúnach

Nuashonrú ar Bhliain 1 de Chomhstraitéis de chuid IPS/na Seirbhíse Promhaidh

1

**Athshlánúchán
agus Ath-
Imeascadh sa
Phobal**

AGUS ATHSHLÁNÚCHÁN AGUS ATH-IMEASCADH SA PHOBAL Á N-ÉASCÚ AGAINN DO PHRÍOSÚNAIGH FAOI PHIANBHREITH IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Comhathbheithniú a coimisiúnú ar sheirbhísí cistithe andúile do phríosúin agus don phobal. Tá sé i ceist againn an t-athbheithniú sin a fhoilsiú i lár 2016.
- Athbheithniú a dhéanamh ar na socruithe cistiúcháin atá ann cheana féin do CBOanna agus a chinntiú go mbeidh an mhaoirseacht is chúí, an rialachas is chúí, an bhainistíocht airgeadais is cuí agus an t-aschuir is chúí i bhfeidhm. Cuimsítear leis sin tá bunú Grúpa Chomhsheirbhíse maidir le Maoirseacht Airgeadais.
- Sceideal clár do chiontóirí a shainaithint le bheith á chur ar fáil i bpríosúin chun laghdú a dhéanamh ar an athchiontú.
- Athbheithniú eachtrach neamhspleách a shocrú i bhfómhar 2016 ar Bheartas Dreasaithé Réimeanna lena chinntiú go gcuirfear an Beartas i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach oscailte.
- Tús a chur le scrúdú ar an bhféidearthacht le haghaidh Pobail Teiripigh Dhrugaí lonnaithe i bpríosúin chun torthaí níos fearr a éascú do príosúnach i ndiaidh a scaoilte ó phríosún.
- Feabhas a chur le comhoibriú idir Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh, agus Oifig Bhainistíochta Pianbheithne maidir pianbheithneanna ciontóirí gnéis a bhainistiú.

2

**Filleadh ar an
bPobal**

I NDIAIDH DON MHEASÚNÚ AR FHILLEADH AR AN BPOTAL A BHEITH FOILSITHE, IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Tús a chur le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm sna réimsí measúnaithe, plé a dhéanamh le DSP agus le seirbhísí inreach.
- Cur chuige comhtháite a chur ar fáil i leith Filleadh ar an bPobal i ndiaidh dúinn tionscnaimh athshlánaithe a fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint oibre, oideachas agus athshlánú ó andúil.
- Tionscnamh creidiúnaithe gortóireachta a fhorbairt i Halla Thornton i gcomhar le CDETB.
- Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas meastóireachta a athbheithniú don Chlár um Filleadh ar an bPobal lena chinntiú go bhfuil socruithe daingne i bhfeidhm.
- An sprioc a athbheithniú go 370 rannpháirtí sa bhliain i scaoileadh struchtúrtha deisiúcháin agus aisiríoch, i gcomhthéacs líon laghdaithe na bpríosúnach faoi choimeád agus na ndúshlán atá ann i gcónaí maidir le hiarrthóirí oiriúnacha a shainaithint.

3

**Tacaíochtaí le
haghaidh
Príosúnaigh
Ghearrthéarma**

AGUS TACAÍOCHT Á CUR AR FÁIL AGAINN DO PHRÍOSÚNAIGH GHEARRTHÉARMA, IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí agus pleananna a chur chun cinn maidir le Scéimeanna Tacaíochta Pobail a chur ar bun i gCampas Láir Tíre agus i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh. Beidh siad siúd i bhfeidhm in 2016.
- 389 scaoileadh struchtúrtha a údarú don Scéim Tacaíochta Pobail in 2015.
- Measúnú foirmiúil a scoipeáil ar an Scéim Tacaíochta Pobail.
- Meastóireacht leanúnach agus nósanna imeachta scaoilte a chinntiú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha ón scéim go dtí seo.

4

**An Riosca a
laghdú maidir
le hAthchiontú**

AGUS MUID AG PLÉ LE HÚSÁIDEOIR SEIRBHÍSE CHUN A RIOSCA A LAGHDÚ MAIDIR LE HATHCHIONTÚ, IS IAD SEO NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Tionscnaimh a chur i bhfeidhm ar bhonn pólóta i gcomhar le CBOanna chun plé le hiarchiontóirí mar mheantóirí comhpháirtí le ciontóirí faoi scaoileadh sealadach maoirsithe.
- Clár pobalbhunaithe iarscaoilte a chur i bhfeidhm ar bhonn pólóta i mBaile Átha Cliath, chun cur le hobair na Croise Deirge ar fud eastáit na bpríosún. Cuirfear clár eile i bhfeidhm in 2016 freisin i Luimneach agus i gCorcaigh.
- Aiseolas a fháil ó iarchiontóirí trí shuirbhéanna agus fhocasghrúpaí, lenár gcleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú níos mó.
- Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí cistiúcháin maidir le hiarchiontóirí a fhostú sa Tionscadal um Filleadh ar an bPobal.

5

Pleanáil Réamh-Scaoilte

AGUS PLEANÁIL RÉAMH-SCAOILTE Á FHEABHSÚ AGAINN DO PHRÍOSÚNAIGH, IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Gealltanais a thabhairt chun comhshocruithe a fheabhsú le soláthraithe reachtúla agus deonacha le freagairt do riachtanais ath-imeasctha príosúnach scaoilte.
- Céim forbartha a chur chun cinn go mór maidir le Beartas Scaoilte Príosúnach chun aistriú éifeachtach ciontóirí isteach sa phobail a chinntiú. Tá sé i gceist againn tús foirmiúil a chur leis an mBeartas sin i lár-2016.
- Tús a chur leis an bpróiseas chun comh-chomhaontuithe a fhorbairt, bunaithe ar phrótacail, le soláthraithe i réimsí an chóiríochta, an oideachais, na tacaíochta airgeadais, an chúraim shláinte agus na hoiliúna/fostaíochta.
- Lárphointe teagmhála a chur ar bun, i gcomhréir le Treoirínte de chuid Tús Áite do Leanaí, agus fógra a thabhairt do Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), maidir le gach scaoileadh amach sa phobal atá ar feitheamh agus a bhaineann le ciontóirí gnéis.

6

Cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn

CHUN CUIMSITHEACHT SHÓISIALTA A CHUR CHUN CINN, IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Chun chur le Straitéis do Mhná Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/na Seirbhíse Promhaidh táimid ag freagairt do riachtanais banphríosúnach agus tá cur chuige á leanúint againn atá dírithe go hiomlán ar obair a dhéanamh le banchiontóirí sa phobal.
- Tionscnamh 'Lucht Taistil i bPríosún' a chur ar bun i gcomhar le St. Stephens Green Trust, chun sainriachtanais an ghrúpa sin a shainaithint agus freagairt do na riachtanais siúd.
- Idirghabháil ar leith a shainaithint le haghaidh príosúnach 18-21 bliain d'aois agus aird a dhíriú ar ath-imeascadh lena gcuirtear riachtanais aonair forbraíochta san áireamh.

7

Comhfhreagraí comhtháite ar choireacht

CHUN COMHFHREAGRAÍ COMHTHÁITE AR CHOIREACHT, IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Céadchruinnithe SORAM a reáchtáil sa phríosún le ciontóirí gnéis a sainaithean mar bheith idir meánriosca agus ardriosca, agus a leanfaidh ar aghaidh sna socrúithe maidir le Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóra Gnéis.
- Na tionscnaimh "Freagra Comhghníomhaireachta ar an gCoireacht" a chur i bhfeidhm ar bhonn píolóta agus feabhas a chur ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhordú idir an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann: -
 - Tionscnamh Strive Bhaile Munna lena ndírítear aird orthu siúd is cúis le han-chuid dochair sa cheantar áitiúil nó a bhíonn ag cur isteach go mór ar an gceantar sin. Tá siad á spreagadh againn chun staonadh ón gcoireacht agus chun ligean do ghníomhaireachtaí tacú lena gcuid riachtanas nó, mura ndéanann siad amhlaidh, bheith ag súil le leibhéal cuí idirghabhála le chur as don nós maireachtála coiriúil atá acu.
 - An Tionscadal Bridge - Clár Oibreacha um Athrú lena ndírítear aird ar chiontóirí foréigneacha i gceantar Bhaile Átha Cliath ar measadh ina leith gur seans maith go ndéanfaidh siad dochar tromchúiseach, agus lena déantar comhordú ar Bhainistíocht Cháis an Gharda, Bainistíocht Cháis Phromhaidh, Bainistíocht Pianbhreithe Comhtháite agus Filleadh ar an bPobal (Seirbhís Phríosúin na hÉireann).
 - Acer3 - lena n-dírítear aird ar bhainistíocht ciontóirí sainaitheanta as ceantar Bhaile Átha Cliath 8 agus ceantar Bhaile Átha Cliath 24, agus atá ciontaithe as cionta buirgléireachta nó cúisithe as cionta buirgléireachta.
- Gealltanais a thabhairt chun gach ceann de na tionscnaimh thuas a measúnú lena n-éifeachtacht a mheas.
- Comhthionscnaimh oiliúna a chur ar fáil in J-ARC ar fud na ngníomhaireachtaí.

8

Ag freagairt d'íobartaigh

AGUS MUID AG FREAGAIRT D'ÍOBARTAIGH IS IAD NA BEARTA ATÁ DÉANTA AGAINN:

- Obair a dhéanamh i gcomhair leis an reachtaíocht, agus faoi réir na reachtaíochta chun éifeacht a thabhairt do Threoir Eorpach (2012/29/EU), le freagra cuí, tráthúil agus éifeachtach a thabhairt ar gach ceist/ábhar imní de chuid na n-íobartach.
- An fhéidearthacht a iniúchadh maidir bileog eolais chuimsitheach a fhorbairt maidir leis na seirbhísí atá ar fáil d'íobartaigh.
- Leanúint ar aghaidh le cur lenár gcuid seirbhísí agus le hionadaíocht a dhéanamh dóibh maidir le cuid oibre Oifig Íospartaigh na Coireachta, an Roinn DLí agus Cirt.

Eolas Teagmhála IPS Príosún Chnoc an Arbhair <i>Cnoc an Arbhair</i> <i>Baile Átha Cliath 7</i> <i>DO7YV40</i>	Teil Facs: 01 4724082	Príosún Láir Tíre <i>Bóthar Bhaile Átha</i> <i>Cliath,</i> <i>Port Laoise, Co. Laois</i> <i>R32F796</i>	Teil: 05786 72110 / 05786 72100 Facs: 05786 72199
Príosún Caisleán Riabhach <i>Cluain</i> <i>Salach,</i> <i>An Caisleán Riabhach,</i> <i>Co. Roscomáin F45X330</i>	Teil: 094 96 25213 Facs: 094 96 25226	Príosún Mhuinseo <i>An Cuarbhóthair</i> <i>Thuaidh,</i> <i>Baile Átha Cliath 7</i> <i>DO7YV40</i>	Teil: 01 8062800 Fax: 01 8062824
Príosún Chnoc na Seamar <i>Bóthar Chnoc na Seamar,</i> <i>Cluain Dolcáin,</i> <i>Baile Átha Cliath 22</i> <i>D22WC84</i>	Teil: 01 6304530 / 01 6304531 Facs: 01 6304580	Príosún Phort Laoise <i>Bóthar Bhaile Átha</i> <i>Cliath,</i> <i>Port Laoise,</i> <i>Co. Laois R32KN97</i>	Teil: 01 8062800 Fax: 01 8062824
Príosún Chorcaí <i>Bóthar Rathmór</i> <i>Cathair Chorcaí,</i> <i>Corcaigh T23Y642</i>	Teil: 021 4518800 Fax: 021 4518860	Ionad Oscailte Mhainistir Shelton, <i>An tInbhear Mór,</i> <i>Co. Chill Mhantáin</i> <i>Y14T638</i>	Teil: 0402 42300 Facs: 0402 42350
An Láronad Dóchais <i>An Cuarbhóthair Thuaidh,</i> <i>Baile Átha Cliath 7</i> <i>DO7YV40</i>	Teil: 01 8062800 Fax: 01 8062824	Foras Naomh Pádraig <i>An Cuarbhóthair</i> <i>Thuaidh,</i> <i>Baile Átha Cliath 7</i> <i>DO7VR94</i>	Teil: 01 8062896 Facs: 01 8307705
Príosún Luimnigh <i>Sráid Mulgrave,</i> <i>Luimneach V94P8N1</i>	Teil: 061 204700 Fax: 061 415116	An tAonad Oiliúna <i>Paráid an Ghleanna</i> <i>Ghairbh,</i> <i>An Cuarbhóthair</i> <i>Thuaidh,</i> <i>Baile Átha Cliath 7</i> <i>DO7YN30</i>	Teil: 01 8062890 Facs: 01 8307460
Ionad Oscailte Teach an Locháin <i>An Blaic,</i> <i>Co. Chabháin F91NY76</i>	Teil:	Áit Choinneála Pháirc na Cruithneachta <i>Bóthar Chnoc na Seamar,</i> <i>Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22</i> <i>D22Y2V5</i>	Teil: 01 7789400 Facs: 01 7789430

Ionaid Tacaíochta Príosúin

Rannán Seirbhísí Tógála	<i>Aonad 2, Eastát Tionsclaíochta Airways, Seantreabh, Baile Átha Cliath 17.</i>	Grúpa Tacaíochta Oibríochtúil	<i>Árd na Gaoithe, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 D07YV40</i>
Coláiste na Seirbhíse Príosúin	<i>Teach Stack, Bóthar Baile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laois R32NX53</i>	Cór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin	<i>Príosún Cnoc na Seamar, Bóthar Cnoc na Seamar, Baile Átha Cliath 22 D22WC84.</i>

Ceanncheathrú Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Lárionad Gnó IDA, Bóthar Béal Átha na Lao, Longfort N39A308.

Teil: 043 333 5100 Facs: 043 333 5371 R-phost: info@irishprisons.ie Web: www.irishprisons.ie

Seirbhís Phríosúin na hÉireann Oifig Bhaile Phib 397e Cuarbhóthair Thuaidh, Baile Átha Cliath 7 D07TAC9



AG CRUTHÚ TIMPEALLACHT NÍOS FEARR

Ceanncheathrú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Páirc Ghnó, IDA, Bóthar Bhéal Átha Sluaigh, an Longfort, Éire
T | 043 333 5100 F | 043 333 5371 R | info@irishprisons.ie G | www.irishprisons.ie